An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# LEABHRÁN ACHMHAINNÍ

# CEOL

2019 - 2020

cc BY NC

Ionad Oideachais Mhuineacháin

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

## Beidh na comhráite gairmiúla ag díriú ar…



An chruthaitheacht a chothú



Pleanáil don Mhúinteoir Aonair




## Tá na Príomhdhoiciméid ag cur bonn eolais faoin ár gcuid oibre uile




Creat don tSraith Shóisearach




Ceol na Sraithe Sóisearaí




Treoirlínte do na Measúnuithe




Cláir Foghlama Leibhéal 2




Imlitir 0055/2019 An Roinn Oideachais agus Scileanna

CNCM: Leabhráin Díriú ar an bhFoghlaim ar fáil ar https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-sh%C3%B3isearach/meas%C3%BAn%C3%BA-agus-tuairisci%C3%BA/d%C3%ADri%C3%BA-ar-an-bhfoghlaim




## Ciallaíonn comhoibriú éifeachtach…

**Gníomhaíocht 1:** Cad iad na dúshláin agus na deiseanna agus muid ag obair le chéile?

| Dúshláin | Deiseanna |
|---|---|
| 1. ___________________________ | 1. ___________________________ |
| 2. ___________________________ | 2. ___________________________ |
| 3. ___________________________ | 3. ___________________________ |

# A bheith cruthaitheach




**Gníomhaíocht 2:** Meabhrú ar an bhfoghlaim atá ag croílár an toraidh fhoghlama seo agus déan an tasc atá thíos



**1.4 cordaí a léiriú atá oiriúnach chun tacaíocht armónach a chuir ar fáil do líne aonair shéise**

**Tasc: Cruthaigh agus cuir i láthair taca armónach leis an tiúin 'Lá breithe sona duit' bunaithe ar ghiúmar áirithe**

Sracobair:

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

## Baineann a bheith cruthaitheach le…




… Creat don tSraith Shóisearach (2015), ich.13

- Ag samhlú
- Roghanna a fhiosrú
- Smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomhú
- Ag foghlaim go cruthaitheach
- An chruthaitheacht a spreagadh ag baint úsaide as teicneolaíocht dhigiteach



## Réasúnaíocht na sonraíochta seo againn

**Gníomhaíocht 3**: Aimsigh na deiseanna inár réasúnaíocht a chothaítear an chruthaitheacht

*'Mar iarracht chruthaitheach, is féidir leis an gceol forbairt eispéireas samhlaíoch agus taiscéalaíoch a éascú, i gcás go soláthraítear an deis d'indibhidiúlacht agus do phearsantacht na scoláirí fás agus iad féin a chur in iúl. Trí staidéar a dhéanamh ar an gceol cuirtear deiseanna ar feadh an tsaoil ar fáil chun an tsamhlaíocht a fhorbairt ar bhealaí uathúla, trí bheith ag éisteacht le saothair choitianta agus neamhchoitianta, eolas agus tuiscint a fháil ar fhuaimeanna go hinmheánach, pictiúir nó scéalta fuaime a chruthú agus mothúcháin agus mothú a chur in iúl i Ceol na Sraithe Sóisearaí Réasúnaíocht bhfuaim.'*




## An chruthaitheacht a chothú



**Gníomhaíocht 4:** Conas a chothaítear an chruthaitheacht i do sheomra?


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

## An chruthaitheacht a chothú- Guth an Scoláire




**Gníomhaíocht 5:** Aimsigh na Nósanna Cruthaitheacha Intinne atá le cloisteáil i nguth ár scoláirí san fhíseán seo

Adapted from: Lucas, Bill (2016): A Five-Dimensional Model of Creativity and its Assessment in Schools, Applied Measurement in Education

# An Chruthaitheacht a Chothú



Díriú i gcónaí ar an bhfoghlaim agus an t-eolas a leabú isteach



Luach a chur le hiarrachtaí scoláirí trína gcuid foghlama a aithint agus a mholadh

Trí phríomhscileanna do scoláire a fhorbairt, tá tú á bhforbairt dá gcuid foghlama sa seomra ranga agus lasmuigh de

Luach a chur leis na céimeanna beaga chun an fhoghlaim a bhogadh chun tosaigh



Muinín na scoláirí a thógáil ionas go n-éireoidh siad níos fiosraí faoina gcuid foghlama

Láidreachtaí, inniúlachtaí agus buanna do chuid scoláirí uile a aimsiú agus díriú orthu le borradh a chur faoina gcuid foghlama





Tá sé tábhachtach go gcuirfí meon cruthaitheach ina luí ar an scoláire lena mbeidh sé éasca dó turgnaimh a dhéanamh, lenar féidir leis dul sa seans, lena spreagfar é le deiseanna nua agus dúshlánacha a iniúchadh agus lenar féidir leis machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas cruthaitheach seo



An imní a chuireann bac ar an gcruthaitheacht a shárú. Agus scoláirí ag foghlaim, tiocfaidh múinín agus cumas in áit na neamhchinnteachta

# Straitéisí oideolaíochta chun an chruthaitheacht a chothú

| Cuid 1: Intreoir don Chumadóireacht | Cuid 2: Tionscadail a Chumadh | Cuid 3: Amhrán a Scríobh | Cuid 4: Tobchumadh |
|---|---|---|---|

**Ceol na Sraithe Sóisearaí – Réasúnaíocht**

*'Is féidir leis an gceol timpeallacht a chur ar fáil don scoláire ina bhfuil sé sábháilte iniúchadh agus turgnamh a dhéanamh agus rioscaí cruthaitheacha a ghlacadh. Mar iarracht chruthaitheach, is féidir leis an gceol forbairt eispéireas samhlaíoch agus taiscéalaíoch a éascú, i gcás go soláthraítear an deis d'indibhidiúlacht agus do phearsantacht na scoláirí fás agus iad féin a chur in iúl. Trí ghluaiseacht, fuaim, siombail agus íomhá, trí beith rannpháirteach leis an gceol, is féidir smaointe cruthaitheacha daoine a aistriú go saothair léiritheacha a chuireann mothúcháin, cialla agus léirmhínithe do lucht éisteachta/féachana níos leithne.*

(Sonraíocht an Cheoil. lgh 4-5)

## 1. Intreoir don Chumadóireacht

### Stráitéis 1: Ostinati Rithimeacha ag úsáid Móitifeanna Cnagcheoil Colainne

- Ostinato rithimeach bunúsach a theagasc
- Cumann na scoláirí móitif chnagcheoil colainne chun an ostinato seo a léiriú
- Ansin déanann na scoláírí nodaireacht den mhóitif cnagcheoil colainne ar leathanach A3 ag úsáid siombailí a shíleann siad a léiríonn móitif an chnagcheoil colainne
- Scar an rang ina ghrúpaí, cruthaíonn gach grúpa móitif chnagcheoil colainne amháin agus dearann siombailí amhairc chun an mhóitif chnagcheoil colainne acu a léiriú
- Gluaiseann gach grúpa timpeall ar na siombailí amhairc cruthaithe ag an ngrúpa eile agus léann, léirmhíníonn agus taibhíonn gach ceann de na móitifeanna cnagcheoil colainne ar an gcéad amharc
- Cuireann an rang na móitifeanna cnagcheoil colainne in ord ar leith go comhoibríoch chun struchtúr a léiriú i gcomhair saothar mór cnagcheoil colainne amháin
- Ansin léann, léirmhíníonn, cleachtann, taibhíonn agus taifeadann an rang an píosa agus an scór iomlán grafach in úsáid acu

### Stráitéis 2: Teicneolaíochtaí Digiteacha Foghlama a úsáid- Soundtrap

- Fiosraigh conas a chuirtear fuaimeanna i mullach a chéile trí phlé a dhéanamh ar an sampla 'One Man Choir'
- Scrúdú a dhéanamh ar thionchar na n-éifeachtaí próiseála a n-úsáidtear sa sampla 'One Man Choir'
- Fiosraigh trí phíosaí de na traiceanna aonair den sampla 'Dubstep' a tharraingt agus a scaoileadh chun a gcóiriú nua féin a dhéanamh den sampla seo

## 2. Tionscadail a Chumadh

### Stráitéis 1: Ag úsáid spreagthaigh - Scannán Ciúin

- Déan taighde ar an gcaoi a n-úsáidtear ceol agus maisíocht fuaime i radhairc áirithe i scannáin
- Roghnaigh scannán ciúin a bhfuil tionlacan ceoil leis chun a anailísiú le do chuid scoláirí
- Cruthaigh bileog a chomhlánfaidh scoláirí chun cabhrú leo anailís a dhéanamh ar an gceol seo
- Roghnaigh scannán ionas gur féidir le scoláirí a dtraic féin a chruthú (www.openculture.com)

- Roghnaigh gearrthóg den scannán ar féidir le scoláirí a ndréacht féin a bhunú uirthi
- Scar an rang ina ghrúpaí, tabhair gearrthóg scánnáin do gach grúpa
- Tabhair rogha agus deis do scoláirí an dréacht a chruthú agus úsáid a bhaint as uirlisí, fuaimeanna a aimsíodh, teicneolaíochtaí digiteacha foghlama
- Ansin, cruthóidh na scoláirí nodaireacht ghrafacha an dréachta don gearrthán scannáin
- Cleachtann na scoláirí agus cuireann siad an dréacht i láthair leis an ngearrthán scannáin

## 3. Amhrán a Scríobh

### Stráitéis 1: Amhráin rithim agus gormacha – mar shampla ‘*Gangsta’s Paradise*’ by Coolio

- Folínigh béimeanna
- Seinn / Labhair
- Athscríobh liricí le hoiriúint do chomhthéacs na scoile
- Cléacht siollaí a úsáid

### Stráitéis 2: Amhrán a Scríobh

- Aontaítear ceist tráthúil
- Cuir le chéile príomhsmaointe do d'amhrán
- Déan seisiún tobsmaointeoireachta ar na príomhfhocail agus cum liricí
- Déan cinneadh maidir le réimniú corda (3-4 corda)
- Aimsigh an tséis i do liricí
- Socraigh struchtúr d'amhráin

### Stráitéis 3: Téama ‘*Let’s Celebrate*’ de réir an chineáil amhráin - Iomann

- Éist le hiomann amháin nó níos mó agus fiosraigh conas a thiocfadh é a thaibhiú ag ócáid speisialta
- Roghnaigh iomann amháin le cleachtadh agus a chanadh mar rang
- Úsaid an fhoghlaim as an taibhiú seo chun anailís a dhéanamh ar theicnicí comónta cumadóireachta m.sh. cruth séiseach
- Úsaid an fhoghlaim as an taibhiú seo chun anailís a dhéanamh na cineálacha éagsúla stíleanna tionlacain agus uirlísí m.sh. Gíotáir / ucailéile / méarchláir
- Déan taighde agus plé ar liricí trí fhoinsí éagsúla m.sh. leabhair iomann, idirlíon, taibhithe beo
- Roghnaigh sraith de liricí a rachaidh go maith leis an ngiúmar atá tú a cheiliúradh
- Cruthaigh trí chorda chun giúmar na liricí seo a léiriú
- Fiosraigh béimeanna agus rithimí armónacha na liricí seo ag úsáid trí chorda
  Cum séis a théann go maith leis na liricí agus na cordaí seo

## 4. Tobchumadh

### Stráitéis 1: Scileanna na tobchumadóireachta a thógáil

Is é a bhíonn i gceist le tobchumadh uirlísí ceoil agus scileanna éisteachta a úsáid go cruthaitheach chun ceol a chruthú agus a thaibhiú gan smaoineamh nó réamhullmhúchán

- Cuir tionlacan ar fáil de Em-Em/D-Em/C#-Em/C seinnte i leathlán mar lúb cúlra
- Cruthaigh séis i leathlán chun dul leis an tionlacan seo
- Tóg ar an tséis trí shéis 'úr' a chruthú i leathnótaí
- Tógáil ar an séis seo trí séis ‘nua’ a chruthú i croisíní le teacht leis an tionlacan seo
- Tógáil ar an séis seo trí camáin a chur leis an séis
- Tógáil ar an séis seo trí sosanna a chur leis an séis

## Tuilleadh smaointe


Ónár Seimineáir Ghréasáin roghnacha Aibreáin 2019

*‘Ceol na Sraithe Sóisearaí a chruthú agus a iniúchadh’*

# Pleanáil Curaclaim

*Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách*

… Sonraíocht an Cheoil ich.3




## Nasc an bhfoghlaim: Leibhéal 2 agus Leibhéal 3




**LEIBHÉAL 2**

*'Is é an múinteoir ábhair atá freagrach go príomha as dul chun cinn agus cúram gach dalta sa seomra ranga, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu'.*




**LEIBHÉAL 3**

...Treoirlínte d'Iarbhunscoileanna Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, Ich.5

## Pleanáil don fhoghlaim: An tSeiceáil Isteach ar an Measúnú a ailíniú

*'Front-ending' assessment is a deliberate action to connect curriculum planning, assessment, task design and evidence collection in the classroom'*

*(Klenowski, Valentina and Wyatt-Smith, Claire, (2013) (p.50) 'Assessment for Education: Standards, Judgement and Moderation'*

*'A valid assessment is one which measures that which it is supposed to measure… It is important when designing an assessment that you consider whether it does actually assess what you intend it to'*

(McAlpine, Mhairi *Principles of Assessment* 2002)

# Cur chuige Samplach chun Aonad Foghlama don Dara Bliain a Phleanáil

Athbhreithniú ar Fhoghlaim

Tá an t-aonad seo ann do ghrúpa Scoláirí sa Dara Bliain le cumais mheasctha (leibhéal 2 & leibhéal 3) a d'fhoghlaim an méid seo a leanas ón aonad foghlama céanna seo sa chéad bhliain

- chruthaigh ostinati rithimeacha gairide, ansin chuir i mullach a chéile iad chun píosa gairid ceoil a chruthú
- d'éist le réimse sleachta ceoil agus d'fhreagair dóibh trí phlé agus trí spreagthaigh fhéideartha do na sleachta a shainaithint
- chuir a gcuid míreanna rithimeacha i láthair trí thaibhiú agus thug achoimre ar chuspóir an phíosa
- d'fhiosraigh úsáid an aisfhuaimnithe i míreanna éagsúla ceoil agus rinne comparáid eatarthu

## Comhrá na Roinne: Ag tógáil ar an bhfoghlaim seo do scoláirí an dara bliain

### FÓCAS AR NA TORTHAÍ FOGHLAMA

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

**1.2 píosa gairid a chruthú agus a chur i láthair, ag baint úsáid as uirlisí** agus/nó fuaimeanna eile **mar fhreagairt ar spreagthach**

**2.6 ostianto rithimeach nó séise a chumadh agus sraitheanna fuaime a chur leis thar an bpatrún nuair a sheinntear arís é**, an uigeacht a éagsúlú chun píosa mothaithe a chruthú chun gearrthán scannáin nó seicheamh íomhánna a thionlacan

**3.5 samplaí de cheol teagmhasach** a chumadh agus **a thaibhiú a d'fhéadfaí a úsáid i gcomhthéacsanna nó i dtimpeallachtaí éagsúla**

**3.9 scrúdú a dhéanamh** ar thionchar **na n-éifeachtaí próiseála** (e.g., **saobhadh**, **aisfhuaimniú**, comhbhrú) ar an bpróiseas taifeadta**; roinnt taifeadtaí a roghnú agus measúnú a dhéanamh ar úsáid** agus ar éifeachtúlacht éifeachtaí **den sórt sin atá iontu**

**Aonad Tosaíochta Foghlama na CFL2nna: Cumarsáid agus litearthacht**

**1.25 Éisteacht le réimse ceoil agus freagairt dó, trí smaointe agus mothúcháin a phlé**

**1.22 Páirt a ghlacadh i léiriú nó i gcur i láthair**

### FOGHLAIM ATÁ BEARTAITHE

| | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 7:** *Cad é an fhoghlaim a bheidh scoláirí in ann a thaíspeáint ag deireadh an aonaid seo?* | |

### FHIANAISE AR FHOGHLAIM : Tasc – Seiceáil isteach ar an measúnú

| | |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 8:** *Tasc a dhearadh a thabharfaidh an deis do gach scoláire an foghlaim san aonad seo a dhéanamh* | |

# Pleanáil don Mhúinteoir Aonair: An nasc a dhéanamh

## Intinní foghlama

Déanann siad cur síos ar cad é is mian leis an múinteoir a bheidh ar eolas ag na scoláirí, a thuigfidh siad, agus a bheidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama

## Critéir ratha

Déanann siad cur síos ar a bhfuil I gceist le hiarracht rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh ar chaighdeán foghlama scoláirí

### Beidh na hIntinní Foghlama....

- Ag díriú ar an bhfoghlaim agus ní ar an ngníomh
- Nasctha i gcónaí leis na thorthaí fhoghlama
- Scríofa i dteanga a úsáideann agus a thuigeann scoláirí
- Ag tabhairt breac-chuntas ar a mbeidh ar eolas ag na scoláirí faoi dheireadh an chleachta
- Leathan go leor chun nach gcuirfidh siad aon teorainn leis an réimse leathan eispéiris foghlama

### Beidh na Critéir ratha...

- Déanfaidh siad nasc i gcónaí leis na hintinní foghlama
- Comhchruthófar leis na scoláirí iad
- Beidh siad mar bhunús leis an aiseolas, piarmheasúnú agus féinmheasúnú
- Beidh siad sainiúil don eispéiris foghlama Déanfaidh siad scafláil ar an bhfoghlaim roimh, tar éis le linn na gníomhaíochta

**Gníomhaíocht 9:** Meabhraigh conas a d'óirfeadh an fhoghlaim san aonad samplach seo do chomhthéacs do scoilse. Cuir isteach thíos cúpla intinn foghlama agus critéar ratha do do scoláirí.

**An mbíonn na hintinní foghlama ag ailíniú leis na torthaí foghlama?**

## Roinnt Intinní Foghlama

### Táimid ag foghlaim conas...

- triail a bhaint as fuaimeanna éagsúla ag baint úsáid as uirlisí
- na smaointe ceoil a eagrú agus a chur isteach i píosa ceoil le bunstruchtúr shoiléir
- ____________________________________________
- ____________________________________________
- 

**An mbíonn an tasc ag ailíniú leis na hintinní foghlama?**

## FHIANAISE AR FHOGHLAIM

### Seiceáil isteach ar an measúnú

Píosa gairid a chruthú agus a chur i láthair mar fhreagairt ar spreagthach

## Critéir Ratha Comhchruthaithe

- **CR1:** Tá mé ábalta úsáid a bhaint as fuaimeanna éagsúla mar fhreagairt ar spreagthach
- **CR2:** Tá mé ábalta bunstruchtúr shoiléir a chur ar mo phíosa ceoil
- **CR3**____________________________________________
- **CR4:** ____________________________________________
- **CR5:** ____________________________________________

**An mbíonn na Critéir Ratha nasctha leis na hintinní foghlama agus an tasc?**

# Ag Pleanáil don Fhoghlaim: Leibhéal na Roinne & don Mhúinteoir

P L E A N Á I L R O I N N E

## FÓCAS AR NA TORTHAÍ FOGHLAMA

Ón liosta de thorthaí foghlama atá nasctha thar na trí shnáithe idircheangailte, sainaithin na codanna sin de na torthaí foghlama a bheidh mar bhunús don fhoghlaim don aois agus don staid foghlama ag a bhfuil do chuid scoláirí

## FOGHLAIM ATÁ BEARTAITHE

An ag deireadh an aonaid fhoghlama seo atá an fhoghlaim a bheidh na scoláirí in inmhe a léiriú

## FIANAISE AR FHOGHLAIM – Conas a bhíonn a fhios agam gur tharla an fhoghlaim?

An chun a thaispeáint cad é atá ar eolas acu, an méid a thuigeann siad agus cad é atá siad ábalta a dhéanamh leis an spriocfhoghlaim atá na deiseanna a thugaimid do scoláirí

**An mbíonn an tasc ag ailíniú leis na hintinní foghlama?**

## EISPÉIRIS FOGHLAMA – Conas a tharlóidh an fhoghlaim seo?

An chun an spriocfhoghlaim a bhaint amach atá na gníomhaíochtaí foghlama ina mbeidh scoláirí rannpháirteach

P L E A N Á I L R O I N N E

## INTINNÍ FOGHLAMA

An ndéanann na ráitis, i gcomhair ceachta nó sraith de cheachtanna, cur síos ar an méid a ba mhaith leis an múinteoir a bheith ar eolas ag scoláirí, a bheidh intuigthe acu nó ar a gcumas a dhéanamh mar thoradh ar ghníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc

**An mbíonn na hintinní foghlama ag ailíniú leis na torthaí foghlama?**

## CRITÉIR RATHA


An iad an múinteoir agus/nó na scoláirí a fhorbraíonn na ráitis agus an gcuireann siad síos ar an gcuma atá ar rath? Cabhraíonn siad freisin leis an múinteoir agus leis an scoláire cinntí a dhéanamh faoi chailíocht / chaighdeán foghlama na scoláirí

**An mbíonn na Critéir Ratha nasctha leis na hintinní foghlama agus an tasc?**

## MACHNAMH AGUS GNÍOMH

Ar tharla an fhoghlaim? Cad é a d'oibrigh go maith?
Na dúshláin? Na deiseanna?
Cad é? Agus Cad é Faoi? Agus Cad é Anois?

# Á chumasú na cúinsí don fhoghlaim chruthaitheach




*‘Evidence of Learning = Artefacts + Reflections + Feedback’* …Helen Barrett 2006

## Roinnt Samplaí de Ceisteanna Athmhachnamha

- Cad iad na torthaí foghlama don tasc seo?
- Cad é an tasc a chaithfidh na scoláirí a dhéanamh chun go n-éireoidh leo san fhoghlaim seo?
- An dtabharfaidh an tasc seo deis do gach scoláire a bheith rannpháirteach san fhoghlaim?
- Conas a chuirfear an tasc seo i láthair?
- Cé acu is tábhachtaí, an próiseas cruthaitheachta nó an táirge cruthaitheach nó an dá chuid?
- Cén réamhfhoghlaim a ba chóir a bheith déanta ag na scoláirí?
- Conas a bheidh an tasc seo ina réamhfhoghlaim d'aonad foghlama níos faide anonn?
- Cá fhad a mhairfidh an tasc seo? Ceacht amhain? Ar feadh trí seachtaine? Aonad iomlán?
- Conas a shocrófar spriocanna?
- An mbeidh baint ag na spriocanna seo leis an bpróiséas? Bealaí chun comhoibriú le chéile? Cáilíocht na smaointe?
- Critéir ratha a bhaint amach? Tasc a chomhlíonadh? Cloí leis an spriocam?
- Conas a phléifidh tú le measúnú foirmitheach? Agus tú ag dul timpeall? Ag amanna sonraithe?
- Conas agus cén uair a thabharfaidh tú an t-aiseolas? Ó bhéal? Scríofa? An dá cheann? I rith? Ag an deireadh? An dá cheann? Ar bhonn aonair? Mar ghrúpa?
- An mbeidh measúnú suimitheach i gceist?

Notaí: ______________________________________________________________

______________________________________________________________________

# An fhoghlaim a dhéanamh follasach

**Gníomhaíocht 10:** Scaraigí in bhur ngrúpaí agus déanaigí an tasc onár aonad foghlama samplach do scoláirí an dara bliain

## An Spreagthach

I wandered lonely as a cloud
That floats on high o'er vales and hills,
When all at once I saw a crowd,
A host of golden daffodils;
Beside the lake, beneath the trees,
Fluttering and dancing in the breeze.

**1. Dán**



**2. Íomha**

STOIRM

**3. Focal**

## An phríomh-fhoghlaim agus tasc á dhearadh


- ♪ bíonn deis ag gach scoláire foghlaim
- ♪ rannpháirtíocht agus léiriú ilmhódach
- ♪ saothar chomhoibríocha chumtha
- ♪ tá cumadóireacht míshlachtmhar
- ♪ an phróiseas ní an tháirge

| **Teicneolaíochtaí Digiteacha Foghlama a leabú** | Déanfaidh an scoláire iniúchadh ar chuir chuige nuálacha le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí an tseomra ranga; mar shampla trí smaointeoireacht amhairc, úsáid chruthaitheach as teicneolaíocht agus dul sa seans. Sonraíocht an Cheoil lch.9 |
|---|---|


Oscail www.soundtrap.com nó íoslódáil aip Soundtrap ón Stórás Aipeanna


Roghnaigh **Cláraigh linn Anois** muna bhfuil cuntas agat nó **Lógáil Isteach** má d'úsáid tú an tseirbhís roimhe.


Má chruthaíonn tú cuntas iSoundTrap, bíonn rogha agat lógáil isteach trí chóras logála do scoilse ar Google Apps for Education, Gmail s'agat nó Office 365 na scoile




Cliceáil **Iontráil Stiúideo** chun tosú









Ar **ghaireas scáileán tadhaill**, buail na heochracha go díreach.

**Ar ghaireas méarchláir**, úsáid na heochracha ainmnithe de réir litreacha chun luachanna na nótaí cuí a sheinm (Z=C srl.)








Socraigh éifeacht na próiseála trí chnagadh agus an léibeal éifeachta a athrú.

## Foghlaim Fhíseach


**Banc nótaí** G A B D E

**Chorda**






**Dordlíne**





## Ag foghlaim le huirlísí ceoil

**SÉIS** G A B D E



**TIONLACAN**


















## Ag foghlaim leis na Teicneolaíochtaí Digiteacha Foghlama




**Banc Notaí**




**Corda**




**Dordlíne**

Soundtrap

# Aiseolas Éifeachtach

*'Gné an-tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta'* … Sonraíocht an Cheoil. Ich.18

**Déantar Aiseolas chun…**

- An fhoghlaim a dhéanamh follasach
- Foghlaim scoláire a fheabhsú

**Maidir le hAiseolas Éifeachtach…**

- Athníonn sé gnóthachtáil agus rath
- Socraíonn sé cuspóirí chun feabhais
- Sonraíonn sé céimeanna chun na cuspóirí sin a bhaint amach
- Baineann sé leis na hintinní foghlama agus leis na critéir ratha

**Gníomhaíocht 11:** Déan do mhachnamh ar na Critéir Ratha fhéideartha seo don sampla foghlama s'againn. Úsáid an tábla thíos chun aiseolas a thabhairt ar cheann de na píosaí a cuireadh i láthair

**Is Critéir Ratha Féideartha iad seo a leanas**

**CR1:** Tá mé ábalta úsáid a bhaint as fuaimeanna éagsúla mar fhreagairt ar spreagthach
**CR2:** Tá mé ábalta ostiantí rithimeacha agus séise gairide a chruthú
**CR3:** Tá mé ábalta sraitheanna fuaime a chur leis na hostiantí
**CR4:** Tá mé ábalta bunstruchtúr shoiléir a chur ar mo phíosa ceoil
**CR5:** Tá mé ábalta cur síos a dhéanamh ar a lán úsáid don phíosa ceoil
**CR6:** Tá mé ábalta mo dhréacht a léiriú don rang
**CR7:** Tá mé ábalta athmhachnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim
**CR8**: Tá mé ábalta dhá n-éifeachtaí próiseála a úsáid chun an fhuaim a athrú

| CR# | (Grúpa 1) TUAIRIMÍ AISEOLAIS |
|---|---|
| | |
| **CR#** | **(Grúpa 2) TUAIRIMÍ AISEOLAIS** |
| | |
| **CR#** | **(Grúpa 3) TUAIRIMÍ AISEOLAIS** |
| | |

# An Leibhéal Gnóthachtála a Shocrú

- Is ann do cheithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála
- **'Ar an iomlán'** ar an saothar– ***Níor chomhlíon na hionchais go fóill*** ar dtús agus an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an soathar atá á mheas a roghnú
- Ba chóir go mbeadh an fhianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir don leibhéal sin
- Cur chuige **'na rogha is oiriúnaí'** nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán

| Tuairisceoir | Breithiúnas |
|---|---|
| **Thar barr ar fad** | Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na *critéir ratha* ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm |
| **Os cionn na n-ionchas** | Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na *critéir ratha* go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán |
| **Ag teacht leis na hionchais** | Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na *critéir ratha* go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** | Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais na *critéir ratha* a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gcear |

# Teanga na Cruthaíochta sna Gnéithe Cáilíochta s'againn

**Úrnua**

**Oilte**



**Sofaisitciúil**

**Samhlaíoch**

# CRUINNIÚ ATHBHREITHNITHE AR FHOGHLAIM AGUS AR MHEASÚNÚ - AFMÁ




*I gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh múinteoirí samplaí dá measúnaithe ar obair scoláirí a chomhroinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht na foghlama ag scoláirí*

…Creat don tSraith Shóisearach (2015)

## Dioscúrsa Gairmiúil




## AFMÁ: Mura bhfuil ach múinteoir ceoil amháin sa scoil

- pléigh na socruithe leis an éascaitheoir agus/nó le lucht bainistíochta na scoile
- dul i dteagmháil le múinteoirí i scoileanna eile gar dóibh agus comhordú leo
- dáta a chomhaontú le do chomhghleacaithe
- páirt a ghlacadh i gcruinniú AFMÁ le scoil eile
- páirt a ghlacadh i gcruinniú AFMÁ le Gaelscoil eile
- acmhainneacht na teicneolaí a fhiosrú chun cabhrú leis an AFMÁ

# CRUINNIÚ ATHBHREITHNITHE AR FHOGHLAIM AGUS AR MHEASÚNÚ

## Ról an Mhúinteoir Ceoil

| ROIMH | I RITH | I NDIAIDH |
|---|---|---|
| • Bheadh cur amach aige ar na Gnéithe Cáilíochta<br>• Breathnaigh siar ar na samplaí d'obair scoláirí a chuir CNCM ar fáil<br>• Agus na Gnéithe Cáilíochta in úsáid agat, bronn tuairiscín sealadach ar obair do scoláire<br>• Breacfaidh an múinteoir nóta den tuairisceoir a bhronntar ar gach scoláire agus aon phointe eile a dteastódh uaidh a úsáid mar thagairt i rith an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nó ina dhiaidh<br>• Roghnaigh sampla amháin d'obair an scoláire do gach ceann de na tuairiscíní, nuair is féidir, le plé ag an gcruinniú | • Sampla oibre a chur i láthair a mheasúnaigh sé mar ***Níor chomhlíon na hionchais go fóill***, nuair is féidir<br>• Breathnaíonn an grúpa siar ar an obair seo<br>• Stiúrann an t-éascaitheoir plé ginearálta<br>• Cuirtear béim ar cur chuige na rogha is oiriúnaí, ar an iomlán<br>• Tugtar faoin brpróiseas céanna arís chun samplaí a measúnaíodh le haghaidh gach tuairisceora<br>• Tugtar aird ar impleachtaí na gcinntí a dhéantar sa chruinniú don chuid eile d'obair na scoláirí a mheasúnaigh siad cheana féin | • Déanfaidh sé machnamh ar an measúnú ar obair scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí<br>• Déan cinntí deiridh maidir leis na tuairiscíní agus tuairiscigh iad<br>• Déan machnamh ar an bpróiseas AFMÁ |

## Ról an Éascaitheora

| ROIMH | I RITH | I NDIAIDH |
|---|---|---|
| • Dáiltear dhá uair an chloig chun an chruinniú Athbhreithne ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a ullmhú agus a chomordú<br>• Is féidir leis samplaí d'obair scoláirí a bhailiú<br>• Cuir ord reatha i dtoll a chéile don chruinniú AFMÁ<br>• Eagraigh leagan amach an tseomra ina mbeidh an AFMÁ ag tarlú | • Mínigh cuspóir AFMÁ<br>• Téigh siar ar ghnásanna agus prótacail<br>• Treoraigh an phlé agus léirigh ceistiú éifeachtach ag díriú ar an gcaoi a dtagann obair na scoláirí leis na Gnéithe Cáilíochta<br>• Tugann sé deis gurb é an sampla oibre *Nár chomhlíon na hionchais fós* an chéad sampla a phléitear ag an gcruinniú AFMÁ, nuair is féidir<br>• Cintíonn sé gurb é seans ag gach múinteoir a chur leis an gcruinniú<br>• Iarracht a dhéanamh comhaontú a bhunú ach ba chóir díriú ar eolas agus scileanna gairmiúla na múinteoirí a fhorbairt seachas ar chomhaontú gach múinteora a fháil ar na Gnéithe Cáilíochta ar fad I ngach sampla<br>• Coiníonn sé taifead ar na cinntí a rinneadh do thuarascáil | • Cuirfidh sé é i gcrích (Aguisín C) agus cuireann sé é faoi bhráid phríomhoide na scoile<br>• Déan machnamh ar an bpróiseas AFMÁ<br>• Féadfaidh sé iarraidh ar na múinteoir, más maith leis, roinnt d'obair a scoláirí a chur leis an taisce samplaí:<br>- chun tacú le hionduchtúcháin múinteoirí nua<br>- chun tacú le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo<br>- chun úsáid le scoláirí agus tuismitheoirí chun an caighdeán oibre a baineadh amach a léiriú |

## Ceisteanna Féideartha don chruinniú AFMÁ
### Níl siad uileghabhálach ná saintreorach

- 𝅘𝅥𝅮 An féidir leis an múinteoir ar leis an sampla seo an píosa seo a chur i láthair?
- 𝅘𝅥𝅮 An míneoidh tú dúinn conas a d'úsáid tú an tuairiscín sin?
- 𝅘𝅥𝅮 An féidir le gach duine am a thógáil ina aonar chun machnamh a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála agus aiseolas a thabhairt don ghrúpa?
- 𝅘𝅥𝅮 Cad iad láidreachtaí an phíosa cheoil seo?
- 𝅘𝅥𝅮 Cén áit as ar eascair na smaointe don phíosa seo?
- 𝅘𝅥𝅮 Cad iad na réimsí atá le forbairt?
- 𝅘𝅥𝅮 An bhfuil an fhoghlaim soiléir anseo?
- 𝅘𝅥𝅮 Cén dóigh arbh fhéidir an píosa seo a fheabhsú?



# Tuarascáil an Éascaitheora

Níl na ceisteanna athmhachnamha féideartha uileghabálach ná saintreorach

| **Ábhar:** | **Dáta/am:** |
|---|---|
| **Daoine i láthair** | |
| **Na príomhchinntí a rinneadh**<br><br>Cuir ceann eile leis? | **Ceisteanna athmhachnamha féideartha**<br>• An raibh gá ann athruithe cuí a dhéanamh ar na measúnuithe sealadacha i ndiaidh an phlé ag an gcruinniú?<br>• An raibh sampla amháin ar a laghad á phlé le haghaidh gach tuairisceora?<br>• An raibh comhaontú á bhunú ar gach shampla?<br>• An raibh sampla amháin ar a laghad á phlé ó gach múinteoir I rith an chruinnithe?<br>• |
| **Pointí le tabhairt faoi deara I gcruinnithe athbhreithnithe amach anseo**<br><br>Cuir ceann eile leis? | **Ceisteanna athmhachnamha féideartha**<br>• Ceisteanna ar bith i dtaca le pleanáil de?<br>• Pointí ar bith maidir le teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú le cur san áireamh?<br>• An raibh go leor teicneolaíochta sa seomra chun riar ar na samplaí oibre uile?<br>• An raibh deis ag gach múinteoir a chur leis an phlé?<br>• |
| **Aon cheo eile?** | **Ceisteanna athmhachnamha féideartha**<br>• Cad iad na bearta féideartha do bhur roinn ceoil amach anseo?<br>• An bhfuil réimsí ar bith tábhachtacha ar ghá don roinn aghaidh a thabhairt orthu?<br>• Ar tugadh go leor ama chun gach sampla a phlé? |


Roinnfear an tuairisc leis an bpríomhoide / na príomhoidí i ndiaidh an chruinnithe

Éascaitheoir: ________________________

Dáta: ____________________________________

# Measúnú Rangbhunaithe 1: Punann Chumadóireachta

| Ráiteas Foghlama 4 | Samplaí d'fhoghlaim ábhartha |
|---|---|
| **Cruthaíonn agus cuireann an scoláire i láthair saothair ealaíonta agus tuigeann sé/sí an próiseas agus na scileanna atá i gceist** | Cruthóidh an scoláire raon saothar cumtha; gabhfaidh sé agus cuirfidh sé i láthair na próisis agus na gcinntí a rinneadh trí phunanna, lámhscríbhinní agus meáin chuí eile. |




**Déan machnamh faoi chuspóir na punainne**

- an turas foghlama a rianú
- cuidiú leis an scoláire an fhoghlaim a thuiscint níos fearr
- díriú ar an bpróiseas
- riar ar stíleanna éagsúla foghlama
- féinmheas féin a fhorbairt
- tuairisciú do thuismitheoirí a thacú

Ian Fox, (2008) *ePortfolios: A Personal Space for Learning'*

# Ár bPunann Chumadóireachta a fhorbairt




Ian Fox, (2008) *ePortfolios: A Personal Space for Learning'*

# Athmhachnamh an scoláire = Machnamh & Gníomh

**Níl na ceisteanna seo uileghabhálach ná saintreorach ach tá siad úsáideach mar threoir do scoláirí agus iad ag machnamh ar a gcuid foghlama agus ag gníomhú dá réir**

**Ag cuimhneamh**

Cad é faoi ar fhoghlaim mé?
Cad é an rud is tábhachtaí ar fhoghlaim mé faoi?

**Is cuimhin liom**

**Ag Tuiscint**

Ba iad seo na rudaí a chabhraigh liom tuiscint...? Ba iad seo na deacrachtaí a bhí agam...? Rud amháin nár thuig mé dáiríre...? An trí leid is fearr atá agam dono fhoghlaim inniú...? Bunaithe ar an bhfoghlaim inniu, is í an chéad cheist atá agam don chéad cheacht eile...?

**Tuigim…**

**Ag anailísiú**

Cad iad na smaointe ceoil a chruthaigh mé? Cén dóigh ar chuir mé mo phíosa ceoil le chéile? Cén fheidhm atá le mo phíosa ceoil?

**Cloisim…**

**Ag cur i bhfeidhm**

Cén áit ar féidir liom an fhoghlaim seo a úsáid arís? Nuair a thriallfaidh mé é seo arís, is é a dhéanfaidh mé...?

**Cuirfidh mé an fhoghlaim nua seo I bhfeidhm nuair a..?**

**Cruthú**

Cár mhaith liom dul anois i mo chuid foghlama? Cad é eile a thiocfadh liom a chur leis an bhfoghlaim seo?

**Chruthaigh mé…**

**Measúnú**

D'oibrigh mé go maith le...? Déanfaidh mé beart de réir aiseolas mo mhúinteora trí..?

Cad é an chuid is suimiúla ar fhoghlaim mé faoi?
Cad é an rud is tábhachtaí ar fhoghlaim mé faoi?

**Do mo chuid oibre ar an tasc seo, seo an tuairim a thabharfainn dom féin**

# Measúnú Rangbhunaithe 2: Nóta Cláir

*'Beidh ort eolas faoin gcumadóir nó cumadóir amhrán a chur sa Nóta Cláir seo, roinnt pointí spéisiúla faoi chuspóir an tsaothair agus roinnt buaicphointí ceolmhara ionas go mbeidh an lucht éisteachta nó an t-éisteoir ar an eolas fúthu agus ar an eolas faoi chomhthéacs na bpíosaí do do scrúdú praiticiúil'*

…Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, p.21

**Gníomhaíocht 13:** Conas a éascóidh scil an taighde an fhoghlaim sna torthaí foghlama seo?

| Measúnú Rangbhunaithe: Nóta Cláir | | |
|---|---|---|
| **Eolas gnásúil** | **Nuáil agus samhlaigh** | **Cultúr agus comhthéacs** |
| **1.10** plé a dhéanamh ar shaintréithe agus ar ghnéithe sainithe stíleanna codarsnacha ceoil a léirítear sa scoil nó sa phobal áitiúil<br>**1.11** struchtúr píosa ceoil a léiriú trí léiriúchán fisiceach nó amhairc<br>**1.13** comparáid a dhéanamh idir léirmhínithe nó cóirithe difriúla ar phíosaí ceoil thraidisiúnta nó ceol tíre na hÉireann, agus aird á tabhairt ar ghnéithe ceoil agus ar thionchair eile<br>**1.14** comparáid a dhéanamh idir píosaí ceoil atá comhchosúil de réir ré agus stíle le cumadóirí éagsúla ó thíortha éagsúla | **2.4** amhrán nó píosa gairide uirlise a chleachtadh agus a chur i láthair; na scileanna agus na teicnící ba ghá chun an ceol a léirmhíniú go héifeachtúil a shainaithint agus a phlé<br>**2.5** píosa ceoil a ullmhú agus a chleachtadh do ensemble a dhíríonn ar chomhoibriú agus éisteacht do chothromú agus do thuin chainte; an léirmhíniú a bheachtú trí bhreathnú ar ghnéithe amhail soiléireacht, líofacht, éifeacht agus stíl<br>**2.10** sraith critéar a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar thaibhiú beo nó taifeadta; úsáid a bhaint as na critéir sin chun athbhreithniú domhain a dhéanamh ar thaibhiú | **3.2** scrúdú agus léirmhíniú a dhéanamh ar thionchar an cheoil ar léiriú na gcarachtar, a gcaidreamh agus a mothúchán, de réir mar a iniúchtar é i gceol uirlise ó sheánraí éagsúla<br>**3.7** píosaí le beirt chumadóirí nó chumadóirí amhrán Éireannacha nó níos mó a chur i gcomparáid lena chéile; úsáid a bhaint as éisteacht, léamh cúlra, agus scóir (nuair is cuí) agus míniú a thabhairt agus cur síos a dhéanamh ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí sna saothair chumtha. |

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Nóta Cláir – SCILEANNA TAIGHDE

### Dóigheanna féideartha ag scoláirí le tabhairt faoin taighde

## Fiosraigh > Aimsigh > Cur i láthair > Déan Machnamh

**Taighde**

**1 Fiosraigh**

- Roghnaigh an topaic
- Éist leis an gceol
- Eolas a thaifead
- Scóir cheoil a úsáid
- Léamh cúlra

**2 Aimsigh na ceisteanna**

- Cad iad no ceisteanna a d'éirigh as do chuid taighde?

**3 Cur i láthair**

- Scríofa
- Digiteach
- Físe
- Fuaime
- Eile

**4 Déan Machnamh**

- Cén chaoi ab fhearr mé ag foghlaim?
- Cad é faoi ar fhoghlaim mé?
- Cén áit a bhfuil cabhair ag teastáil?
- Cad iad na chéad chéimeanna eile dom?

## Tacaí Gairmiúla don Fhoghlaim ar Líne: www.jct.ie/music




### Priomhdhoiciméid

Creat don tSraith Shóisearach 2015
Sonraíocht an Cheoil
Treorlínte cheoil do mhúinteoirí
CNCM: Leabhráin Díriú ar an bhFoghlaim
Bileog Eolais

### Ceardlanna FGL

**Ceardlanna FGL:** Láithreoireacht, leabhrána agus acmhainní eile ón ár laethanta FGL
**Ceardlanna Roghnacha**
Acmhainní CMC Comhdháileacha, Seimineáir Ghreasáin agus teicneolaíochtaí Digiteacha Foghlama







### Nuacht/Imeachtaí

An Nuacht is deánaí
Tweets
An tEolas is déanaí
Gabh ar an liosta seachadta

### Pleanáil

**Pleanáil Roinne**
Moltaí ar úsáid am gairmiúil, Pleanála JCSP, Pleanála CFL2anna
**Acmhainní Pleanála**
Plean Rinn an Cheoil, Pleanálaí Aonad Foghlama agus
Eagraí Torthaí Foghlama Ceoil,
agus acmhainní eile ón ár laethanta FGL







### Measúnuithe

An tAistear Foghlama
Eolas don Measúnú Rangbhunaithe,
Eolas faoi mheasúnú suimitheach
Measúnú Foirmitheach: An fhoghlaim á cur chun cinn
Ceistiú Éifeachtach sa rang ceoil

### Acmhainní

Póstaeir: Tothaí Foghlamaa, Príomh-Scíleanna, Briathra Gníomh, Ráitis Foghlama, Luach a Chruthú ón gCeol, Struchtúr an Tionscail Ceoil in Eirinn, Phleanáil don Fhoghlaim Leabharmharc



# Tuilleadh Tacaí ar Líne

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta – oscail** [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)

- Is féidir teacht ar..
  - Sonraíocht an Cheoil
  - Treorlínte cheoil do mhúinteoirí
  - Siollabus Ceol an Teastais Shóisearach
  - Sampla d'obair scoláire

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit – oscail** [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)

- Is féidir teacht ar…
  - Sraithe Sóisearaí Páipéar Samplach (le foilsiú Oct 2020)
  - Ceol Tiarlacha gan Ullmhú: Roghnaigh Cartlann d'Abhar Scrúduithe > Ceol – Practicúl
  - Nótaí Eolais don Trialacha Praiticiúla Roghnaigh Scoileanna > Faoin chuid Oral, Aural and Practical Examinations tiocfaidh tú ar thagairt don cheol

***SSM Gafa agus Gníomhach*** - oscail [www.jct.ie](http://www.jct.ie)


Scoth leide!



**Aimsigh Rannóga an tSuímh go Tapa**


1. Buail rogha an Chláir le trí bharra
2. Roghnaigh an réimse ar mhaith leat cuairt a thabhairt air ar an suíomh trína theideal a bhualadh nó ar an tsaighead anuas in aice lena ainm



# Samplaí de Shaothar Scoláirí

Pléigh samplaí d'obair scoláirí na chéad bhliana ina raibh fianaise ar an bhfoghlaim i do sheomra ranga

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Sampla A*** *Scór Grafach*  | | | |
| ***Sampla B*** *MP3 /Digiteach*  | | | |
| ***Sampla C*** *Lámhscríbhinn*  | | | |
| ***Sampla D*** *Notá Cláir*  | | | |

## Príomhdhátaí don Measúnaithe Rangbhunaithe 2019-2020

| | |
|---|---|
| **Dé hAoine 24ú Aibreán 2020** | an dáta is luaithe don Phunann Chumadóireachta chríochnaithe |
| **Dé hAoine 15ú Bealtaine 2020** | an spriocdháta don Phunann Chumadóireachta chríochnaithe |
| **Dé Céadaoin 20ú Bealtaine 2020** | an spriocdháta don Bronann an múinteoir an tuairisceoir sealadach |
| **Dé Céadaoin 27ú Bealtaine 2020** | an spriocdháta don An tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chríochnú agus i gcomhair bhronnadh na dtuairiscíní deiridh ag an múinteoir |
| **Deireadh Fomhair 2020** | Foilseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit Scrúdpháipéar Scríofa Ceoil Samplach |

## Cad iad na chéad chéimeanna eile dom?

- Pléigh do phleanáil do MRB 1 agus socraigh dáta don chruinniú AFMÁ
- Socraigh conas is fearr do chuid am gairmiúil agus deiseanna comhoibrithe a phleanáil
- Breathnaigh siar ar aonaid foghlama atá ann cheana féin agus lean ar aghaidh ag comhoibriú chun aonaid eile foghlama a fhorbairt
- Breathnaigh siar ar na samplaí d'obair scoláirí a chuir CNCM ar fáil agus na Gnéithe Cáilíochta
- Fan súl ar www.jct.ie/music, gabh ar an liosta seachadta agus lean sinn ar an gcóras Giolcaireachta Twitter @JctMusicEdu

## Conraí teagmhála

**Oifig Riaracháin:**
Ionad Oideachais Mhuineacháin,
Br. Ard Mhacha
Co. Mhuineacháin.

**Oifig an Stiúrthóra:**
BOOLM,
Sráid an tSéipéil,
Dún Dealgan.

**Roimhphost:** info@jct.ie

**Suíomh Gréasáin:** www.jct.ie

**Twitter:** @JCforTeachers / @JctMusicEdu

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

Leanaigí leis an gComhrá!